2026/1821

28.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1821 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Iúil 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1018 lena leagtar síos liosta lena n-aicmítear tarluithe san eitlíocht shibhialta atá le tuairisciú ar bhonn éigeantach, a mhéid a bhaineann le córais aerárthaí gan foireann, tarluithe U-space, tarluithe slándála faisnéise páirtí, agus tarluithe slándála eitlíochta áirithe a bhaint de cheanglais tuairiscithe éigeantacha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir na chéad fhomhíre d'Airteagal 4(5) de Rialachán (AE) Uimh. 376/2014, ceanglaítear ar an gCoimisiún liosta a ghlacadh lena n-aicmítear tarluithe dá dtagraítear agus tarluithe á dtuairisciú aige, faoi chórais tuairiscithe éigeantacha a leagtar amach sa Rialachán sin, agus a thagann faoi réim chatagóirí Airteagal 4(1) den Rialachán sin.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1018 ([2]) ón gCoimisiún leagtar síos liosta lena n-aicmítear tarluithe san eitlíocht shibhialta lena gceanglaítear tuairisciú éigeantach faoi Rialachán (AE) Uimh. 376/2014.

(3) Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht ar Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ([3]) a rinne an Coimisiún in 2020, cé go dtagann tarluithe a bhaineann le córais aerárthaí gan foireann ('UAS') faoi raon feidhme an Rialacháin sin, go bhfuil gá le soiléireacht a mhéid a bhaineann le cad is tarluithe ar féidir tuairisc a thabhairt orthu go héigeantach ann.

(4) Tá taithí oibríochtúil leordhóthanach ann faoi láthair ar tharluithe UAS chun sainaithint rioscaí móra a d'fhéadfadh a bheith ann do shábháilteacht eitlíochta a éascú agus chun na ceanglais tuairiscithe iomchuí a chinneadh.

(5) I bhfianaise na ndifríochtaí teicneolaíocha agus oibríochtúla idir UAS agus aerárthaí faoi fhoireann, ba cheart iarscríbhinn ar leithligh le haghaidh UAS a chur san áireamh chun tarluithe sonracha a bhaineann le hoibríochtaí UAS a chuimsiú d'fhonn idirdhealú a dhéanamh idir tarluithe atá uathúil do UAS agus sláine na n-aicmithe atá ann cheana d'aerárthaí faoi fhoireann á coinneáil ar bun an tráth céanna.

([1]) IO L 122, 24.4.2014, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/376/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1018 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2015 lena leagtar síos liosta lena n-aicmítear tarluithe san eitlíocht shibhialta atá le tuairisciú ar bhonn éigeantach de réir Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 163, 30.6.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/1018/oj).

([3]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin - Meastóireacht ar Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, SWD(2021) 30 final, https://transport.ec.europa.eu/news-events/news/aviation-safety-evaluation-confirms-continued-relevance-eu-rules-follow-procedures-following-safety-2021-02-18_en.

(6) Ba cheart tuairisciú éigeantach tarluithe a bhaineann le hoibriú UAS a theorannú do na hoibríochtaí sin lena mbaineann riosca mór do shábháilteacht eitlíochta, i gcomhréir leis an gcur chuige rioscabhunaithe arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). De bhun Airteagal 56(1) agus (5) den Rialachán sin, tá próifíl riosca níos airde go bunúsach ag oibríochtaí UAS lena gceanglaítear deimhniú nó dearbhú dearaidh mar gheall ar thimpeallachtaí oibríochtúla casta, aerárthaí ardfheidhmíochta, nó idirghníomhaíochtaí le heitlíocht fhoireannaithe. Ceanglaítear le hoibríochtaí UAS den sórt sin tarluithe a bhaineann le sábháilteachta a thuairisciú ar bhonn éigeantach, chun sainaithint agus maolú rioscaí a áirithiú.

(7) Os a choinne sin, oibríochtaí UAS nach gá deimhniú ná dearbhú ina leith, eisiatar iad ón liosta tarluithe a thuairisciú. Áirithítear leis an gcur chuige spriocdhírithe sin go leanfaidh oibleagáidí tuairiscithe de bheith comhréireach leis an leibhéal riosca agus ailíniú le creat sábháilteachta eitlíochta an Aontais atá ann cheana á choinneáil ar bun an tráth céanna.

(8) Tá sé tábhachtach na rioscaí i gcásanna nua a mheas freisin, amhail oibríochtaí UAS in aerspás an U-space ([5]). I bhfianaise chineál riosca oibríochtaí an U-space, go háirithe i dtimpeallachtaí uirbeacha agus dlúthdhaonra, d'fhéadfadh tarluithe amhail imbhualadh nó caillteanas rialaithe a bheith ina mbagairt mhór ar shábháilteacht daoine agus maoine ar an talamh, agus ar úsáideoirí aerspáis eile. Leis an méadú a bhfuil coinne leis ar oibríochtaí UAS laistigh den U-space, cuirtear leis na rioscaí sin, rud a fhágann go bhfuil tuairisciú mar a leagtar amach le Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 fíor-riachtanach le haghaidh sainaithint thráthúil guaise, maolú riosca, agus tionóiscí agus teagmhais a chosc.

(9) Ceanglaítear go sainráite le Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 roinnt tarluithe eitlíochta a bhaineann leis an tslándáil a thuairisciú, ar tarluithe iad a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shábháilteacht na n-oibríochtaí. Dá réir sin, áirítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1018 tarluithe a bhaineann leis an tslándáil faoi na hiarscríbhinní a ghabhann leis. Le Rialachán (AE) 2026/247 ón gCoimisiún ([6]), bunaíodh an sásra agus an próiseas chun faisnéis maidir le teagmhais slándála eitlíochta a thuairisciú, a aicmiú, a phróiseáil, a stóráil, a chosaint, a anailísiú agus a chomhiomlánú, go háirithe maidir le gníomhartha cur isteach neamhdhleathaigh, ar leibhéal an Aontais. I bhfianaise an chórais tuairiscithe tarluithe slándála sin de chuid an Aontais, breithníodh deireadh a chur le roinnt tarluithe a bhaineann le slándáil eitlíochta ar fearr do na húdaráis slándála aghaidh a thabhairt orthu.

(10) Tá dé-impleachtaí sábháilteachta agus slándála ag roinnt tarluithe slándála (e.g. dóiteáin, cur isteach léasair), agus ba cheart iad a thuairisciú ansin d'údaráis sábháilteachta agus slándála araon faoi na creataí reachtacha faoi seach. Meastar go bhfuil gá leis an tuairisciú dúbailte sin, ós rud é go bhféadfadh tuairisciú ar shábháilteacht amháin cosc a chur ar an bhfaisnéis sin a úsáid chun críoch slándála, rud nach mór a bheith ar fáil a luaithe is féidir ar thaobh na slándála. Thairis sin, le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 376/2014, déantar úsáid sonraí tarluithe tuairiscithe a theorannú d'fheabhsuithe sábháilteachta amháin, lena dtoirmeasctar comhroinnt le daoine eile, lena n-áirítear údaráis slándála.

(11) Ba cheart an tuairisciú ar bhagairtí buama nó fuadach, tarluithe a bhaineann le slándáil aeradróm agus neamhchomhlíonadh na rialacha maidir le réiteach bagáiste nó paisinéirí faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1018 a choinneáil ar bun go dtí go dtiocfaidh na forálacha maidir le tuairisciú tarluithe slándála eitlíochta a leagtar amach i bpointe 19 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2026/247 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2028.

(12) Ós rud é go bhféadfadh teagmhais slándála faisnéise difear a dhéanamh do ghnáthfheidhmiú sábháilte córas, trealaimh agus bonneagair dhigitigh, cuireadh tarluithe slándála faisnéise cineálacha leis an liosta tarluithe atá le tuairisciú.

([4]) Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/664 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2021 maidir le creat rialála don U-spás (IO L 139, 23.4.2021, lch. 161, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/664/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2026/247 ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2026 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh cláir náisiúnta um rialú cáilíochta i réimse na slándála eitlíochta sibhialta (IO L, 2026/247, 3.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/247/oj).

(13) Chun oibriú sábháilte agus iontaofa leanúnach córas, trealaimh agus bonneagair dhigitigh a áirithiú, ní mór tarluithe slándála faisnéise áirithe a thuairisciú faoin gcreat tuairiscithe ar tharluithe sábháilteachta. Cé nach dtagann gach teagmhas slándála faisnéise (e.g. ionsaithe d'aon ghnó ar chórais chriticiúla agus ar shonraí criticiúla) faoin raon feidhme sin, d'fhéadfadh rioscaí sábháilteachta a bheith ag baint le teagmhais de thaisme nó neamhbheartaithe (amhail ionfhabhtuithe bogearraí mailíseacha, faisnéis nó sonraí atá curtha i mbaol, nó cur isteach ar an gcóras de bharr teipeanna slándála) agus d'fhéadfadh sé gur ghá imscrúdú a dhéanamh chun atarlú a chosc. Dá bhrí sin, áiríodh tagairt leathan agus chineálach chun tarluithe den sórt sin a ghabháil gan mionsonraí saintreoracha.

(14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2015/1018 mar a leanas:

(1) cuirtear Iarscríbhinn I in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(2) cuirtear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II;

(3) cuirtear Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn III;

(4) cuirtear Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn IV;

(5) Cuirtear Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn V;

(6) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo leis mar Iarscríbhinn VI.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

'IARSCRÍBHINN I

TARLUITHE A BHAINEANN LE hOIBRIÚ AERÁRTHAÍ FAOI FHOIREANN

Nóta: Déantar an Iarscríbhinn seo a struchtúrú sa chaoi go mbeidh na tarluithe ábhartha nasctha le catagóirí gníomhaíochtaí ina mbreathnaítear iad de ghnáth, de réir taithí, chun tuairisciú na dtarluithe sin a éascú. Mar sin féin, níor cheart a thuiscint go gciallaíonn an liosta sin nár cheart tarluithe a thuairisciú nuair a tharlaíonn siad lasmuigh den chatagóir gníomhaíochtaí lena bhfuil siad nasctha sa liosta.

1. OIBRÍOCHTAÍ AEIR

1.1. **Ullmhú eitilte**

(1) Úsáid sonraí míchearta nó iontrálacha earráideacha i dtrealamh a úsáidtear le haghaidh ríomhanna loingseoireachta nó feidhmíochta a chuir an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

(2) Earraí contúirteacha a iompar nó iarracht ar earraí contúirteacha a iompar nuair nach bhfuil sé i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme lena n-áirítear lipéadú, pacáistiú agus láimhseáil mhícheart earraí contúirteacha.

1.2. **Ullmhú aerárthaí**

(1) Cineál breosla/fuinnimh mícheart nó breosla éillithe.

(2) Cóireáil dí-oighrithe/frith-oighrithe in easnamh, mícheart nó neamhleor.

1.3. **Éirí de thalamh agus tuirlingt**

(1) Forthiomáint ar an mbealach innlithe nó rúidbhealaigh.

(2) Ionradh iarbhír nó féideartha ar an mbealach innlithe nó rúidbhealaigh.

(3) Ionradh ar an limistéar ascnaimh deiridh agus éirí de thalamh.

(4) Aon éirí de thalamh diúltaithe.

(5) Neamhábaltacht an fheidhmíocht is gá nó a bhfuil coinne léi a bhaint amach le linn éirí de thalamh, dul timpeall nó tuirlingthe.

(6) Éirí de thalamh, ascnamh nó tuirlingt iarbhír nó iarracht ar éirí de thalamh, ascnamh nó tuirlingt le socrú cumraíochta mícheart.

(7) Imbhualadh ag an deireadh, imbhualadh lainne/rinne sciatháin nó naoisile le linn éirí de thalamh nó tuirlingthe.

(8) Leanadh den ascnamh in aghaidh critéir ascnaimh chobhsaithe aeroibreora.

(9) Leanúint d'ascnamh uirlisí faoi bhun íosmhéideanna foilsithe le tagairtí amhairc neamhleora.

(10) Tuirlingt réamhchúramach nó éigeantach.

(11) Tuirlingt ghearr agus fhada.

(12) Tuirlingt chrua.

1.4. **Aon chéim den eitilt**

(1) Cailleadh rialaithe.

(2) Suaitheadh aerárthaigh, a sháraíonn gnáth-shainstiúir claonta, uillinn an chlaonta nó aerluas atá míchuí do na dálaí.

(3) Claonadh ó leibhéal na heitilte.

(4) Aon chosaint imchlúdaigh eitilte a ghníomhachtú, lena n-áirítear rabhadh loicthe, croiteoir maidí, brúiteoir maidí agus cosaintí uathoibríocha.

(5) Claonadh neamhbheartaithe ón rian beartaithe nó sannta den rian is ísle de dhá oiread na feidhmíochta loingseoireachta is gá nó 10 muirmhíle.

(6) Sárú ar theorainn lámhleabhar eitilte an aerárthaigh.

(7) Oibriú le socrú airdemhéadair mícheart.

(8) Scairdsoinneán nó tarluithe aershreibhe rótair agus liáin a chuir an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

(9) Míthuiscint ar an modh uathoibrithe nó ar aon fhaisnéis faoi chró an phíolóta a cuireadh ar fáil don fhoireann eitilte a chuir an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

1.5. **Cineálacha eile tarluithe**

(1) Scaoileadh neamhbheartaithe lasta nó trealaimh eile a iompraítear go seachtrach.

(2) Cailliúint feasachta staide (lena n-áirítear feasacht ar an timpeallacht, ar an modh agus ar an gcóras, treoshuíomh spásúil, agus tréimhse ama).

(3) Aon tarlú inar chuir feidhmíocht an duine go díreach le tionóisc nó le teagmhas tromchúiseach nó ina bhféadfadh sé gur chuir sí go díreach leis an tionóisc nó leis an teagmhas sin.

2. TARLUITHE TEICNIÚLA

2.1. **Struchtúr agus córais**

(1) Cailleadh aon pháirt de struchtúr an aerárthaigh le linn eitilte.

(2) Córas a chailleadh.

(3) Cailleadh iomarcaíochta córais.

(4) Sceitheadh aon sreabháin as ar eascair guais dóiteáin nó éilliú guaiseach a d'fhéadfadh a bheith ann ar struchtúr, ar chórais nó ar threalamh an aerárthaigh, nó a chuir an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

(5) Mífheidhmeanna nó fabhtanna ar an gcóras breosla, a rinne difear don soláthar breosla agus/nó don dáileadh breosla.

(6) Mífheidhmiú nó fabht ar aon chóras tásc nuair a bhíonn tásca míthreoracha don chriú mar thoradh air sin.

(7) Feidhmiú neamhghnách rialuithe eitilte amhail rialtáin eitilte neamhshiméadracha nó greamaithe/sáinnithe (mar shampla: ardaitheoir (flapaí/lataí), gléasanna cúltarraingthe (bacóirí), gléasanna rialaithe sainstiúrach (ailearáin, ardaitheoirí, stiúracha).

2.2. **Tiomáint (lena n-airítear innill, liáin agus córais rótair) agus aonaid chumhachta chúnta**

(1) Cliseadh nó mífheidhmiú mór aon pháirte nó rialaithe ar lián, ar rótar nó ar chóras tiomána.

(2) Damáiste don phríomhrótar/rótar deiridh nó do chórais tras-seolta agus/nó córais choibhéiseacha nó cliseadh orthu.

(3) Múchadh bladhaire, múchadh le linn eitilte aon innill nó aon aonaid cumhachta cúnta nuair is gá (mar shampla: Oibríochtaí ama atreoraithe fhadaithe, íosliosta trealaimh).

(4) Sárú ar theorainn oibriúcháin an innill, lena n-áirítear róluathú nó neamhábaltacht luas aon chomhpháirte rothlaí ardluais a rialú (mar shampla: aonad cumhachta cúnta, dúisire aeir, meaisín aerthimthrialla, mótar aerthuirbín, lián nó rótar).

(5) Cliseadh nó mífheidhmiú aon chuid d'inneall, de chóras tiomána, d'aonad cumhachta cúnta nó de thras-seoladh as a n-eascraíonn ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

(a) teipeann ar an gcóras cúlsá oibriú de réir mar a ordaítear é;

(b) neamhábaltacht an chumhacht, an sá nó isn (imrothluithe sa nóiméad) a rialú;

(c) neamhchoimeád comhpháirteanna/smionagair.

3. IDIRGHNÍOMHAÍOCHT LE SEIRBHÍSÍ AERLOINGSEOIREACHTA (SAL) AGUS LE BAINISTÍOCHT AERTHRÁCHTA (BAT)

(1) Cead rialaithe aerthráchta (ATC) neamhshábháilte.

(2) Caillteanas faidréiseach cumarsáide leis an aonad seirbhísí aerthráchta (ATS).

(3) Treoracha contrártha ó aonaid ATS éagsúla a bhféadfadh cailleadh spás scoite a bheith mar thoradh orthu.

(4) Míthuiscint ar radachumarsáid a chuir an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

(5) Imeacht d'aon ghnó ó threoir ATC a chuir an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

(6) Teagmháil le haerárthaí gan foireann agus iad ar idirthuras in aerspás U-space. ([1])

4. ÉIGEANDÁLAÍ AGUS CÁSANNA CRITICIÚLA EILE

(1) Aon teagmhas as a n-eascraíonn éigeandáil a fhógairt ('Mayday') nó staid éigeandála ('glao PAN').

(2) Aon dó, leá, deatach, múch, stuáil, róthéamh, dóiteán nó pléascadh.

(3) Aer éillithe i gcró an phíolóta nó san urrann phaisinéirí a chuir an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

(4) Teip maidir leis an nós imeachta ceart neamhghnách nó éigeandála a chur i bhfeidhm ag an bhfoireann eitilte nó ag an bhfoireann cábáin chun déileáil le héigeandáil.

(5) Aon trealamh éigeandála nó nós imeachta neamhghnách a dhéanann difear d'fheidhmíocht le linn eitilte nó tuirlingthe a úsáid.

(6) Cliseadh aon chórais nó trealaimh éigeandála nó tarrthála a chuir an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

(7) Brú cábáin dorialaithe.

(8) Cainníocht bhreosla/fuinnimh atá íseal go criticiúil nó cainníocht bhreosla/fuinnimh ag an bpointe faoi bhun an chúltaca breosla/fuinnimh deiridh is gá).

(9) Aon úsáid a bhaineann an fhoireann as córas ocsaigine na foirne.

(10) Éagumasú aon bhall den fhoireann eitilte nó den fhoireann cábáin arb é an toradh atá air laghdú faoi bhun líon íosta na foirne deimhnithe.

(11) Tuirse ar an bhfoireann a imríonn tionchar ar a gcumas a ndualgais eitilte a dhéanamh go sábháilte nó a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a gcumas na dualgais sin a dhéanamh go sábháilte.

5. AN TIMPEALLACHT SHEACHTRACH AGUS AN MHEITÉAREOLAÍOCHT

(1) Imbhualadh nó neas-imbhualadh ar an talamh nó san aer, le haerárthach, tír-raon nó bacainn eile ([2]).

(2) Córas seachanta imbhuailtí ar eite, comhairle réitigh.

(3) Fíorchóras imbhuailte talún a ghníomhachtú amhail an córas rabhaidh neasachta talún (GPWS)/'rabhadh' an chórais feasachta agus rabhaidh tír-raoin (TAWS).

(4) Imbhualadh fiadhúlra lena n-áirítear imbhualadh éan.

(5) Damáiste de bharr ábhar coimhthíoch/smionagair.

(6) Drochdhálaí dromchla rúidbhealaigh gan choinne.

(7) Suaiteacht marbhshrutha.

(8) Cur isteach ar an aerárthach le hairm thine, tinte ealaíne, eitleoga eitilte, soilsiú léasair, soilse ardchumhachta, léasair, córais aerárthaí gan foireann ([3]), nó ar bhealaí comhchosúla.

(9) Buille tintrí as ar eascair damáiste don aerárthach nó cailleadh nó mífheidhmiú aon chórais aerárthaigh.

(10) Teagmháil cloichshneachta as ar eascair damáiste don aerárthach nó cailleadh nó mífheidhmiú aon chórais aerárthaigh.

([1]) I gcomhréir le hAirteagal 2, pointe (1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/664, ciallaíonn '"aerspás U-spáis' crios geografach UAS arna ainmniú ag na Ballstáit, nach lamháiltear oibríochtaí UAS a dhéanamh ann ach amháin le tacaíocht ó sheirbhísí U-spáis"'.

([2]) Tá feithicil i gceist le bacainn chomh maith.

([3]) I gcomhréir le hAirteagal 3, pointe (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 an 12 Márta 2019 maidir le córais aerárthaí gan foireann agus maidir le hoibreoirí tríú tír de chórais aerárthaí gan foireann (IO L 152, 11.6.2019, p. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/945/oj), 'ciallaíonn 'córas aerárthaí gan foireann' aerárthach gan foireann, mar a shainmhínítear in Airteagal 3 pointe (30) de Rialachán (AE) 2018/1139, agus a aonad rialaithe agus faireacháin'.

(11) Diansuaiteacht nó aon teagmháil as a n-eascraíonn gortú do dhaoine atá ar bord nó a meastar go n-éilítear ‘seiceáil suaiteachta’ ar an aerárthach ina leith.

(12) Fiaradh mór gaoithe nó stoirm mhór thoirní a chuir an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d’fhéadfadh an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

(13) Oighriú as a dtagann deacrachtaí láimhseála, damáiste don aerárthach nó cailleadh nó mífheidhmiú aon chórais aerárthaigh.

(14) Teagmháil le luaithreamhán bolcánach.

6. SLÁNDÁIL

(1) Deacrachtaí paisinéirí ar meisce, foréigneach nó ainrianta a cheansú.

(2) Teacht ar fholachánaí.

(3) Iompraíocht mhínormálta córais mar gheall ar theagmhas slándála faisnéise (mar shampla: faisnéis nó sonraí i mbaol, ionfhabhtú bogearraí mailíseacha, ionsaí diúltaithe seirbhíse dáilte (DDoS)).

(4) Bagairt buamaí nó fuadach (infheidhme go dtí an 31 Nollaig 2027).’

IARSCRÍBHINN II

'IARSCRÍBHINN II

TARLUITHE A BHAINEANN LE DÁLAÍ TEICNIÚLA, COTHABHÁIL AGUS DEISIÚCHÁN AN AERÁRTHAIGH

Nóta: Na tarluithe a liostaítear san Iarscríbhinn seo, tá siad ábhartha freisin maidir le UAS a gceanglaítear deimhniú nó dearbhú le haghaidh an dearaidh ina leith de bhun Airteagal 56 (1) agus (5) de Rialachán (AE) 2018/1139.

1. MONARAÍOCHT

Táirgí, páirteanna nó fearais arna scaoileadh ón eagraíocht táirgthe le claonta ó na sonraí deartha is infheidhme a bhféadfadh staid bhaolach a bheith mar thoradh orthu mar a shainaithnítear le sealbhóir an deimhnithe cineáil nó an fhormheasa deartha.

2. DEARADH

Aon chliseadh, mífheidhm, fabht nó tarlú eile a bhaineann le táirge, páirt nó fearas a raibh riocht neamhsháibháilte mar thoradh air nó a bhféadfadh riocht neamhsháibháilte a bheith mar thoradh air.

Nóta: Tá an liosta seo infheidhme maidir le tarluithe a tharlaíonn ar tháirge, ar pháirt nó ar fhearas nó ar an aonad rialúcháin agus faireacháin (ARF) ([1]), a chumhdaítear leis an deimhniú cineáil, leis an deimhniú cineáil srianta, leis an deimhniú cineáil forlíontach, le hOrdú um Chaighdeán Teicniúil Eorpach, le formheas le haghaidh mórdhearadh deisiúcháin nó le haon fhormheas nó dearbhú ábhartha eile a mheastar a eisíodh faoi Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún ([2]).

3. COTHABHÁIL AGUS BAINISTIÚ AERACMHAINNEACHTA LEANÚNAÍ

(1) Damáiste tromchúiseach struchtúrach (mar shampla: scoilteanna, dífhoirmiú buan, dílannú, dínascadh, dó, róchaitheamh, nó creimeadh) a aimsítear le linn chothabháil an aerárthaigh nó na comhpháirte.

(2) Sceitheadh tromchúiseach nó éilliú sreabhán (mar shampla: sreabhán hiodrálach, breosla, ola, gás nó sreabháin eile).

(3) Cliseadh nó mífheidhmiú aon chuid d'inneall nó de chóras tiomanta agus/nó de thras-seoladh as a n-eascraíonn ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

(a) neamhchoimeád comhpháirteanna/smionagair;

(b) cliseadh an struchtúir suite innill.

(4) Damáiste, cliseadh nó fabht liáin, a bhféadfadh deighilt le linn eitilte an liáin nó aon chuid mhór den lián agus/nó mífheidhmeanna an rialaithe liáin a bheith mar thoradh air.

(5) Damáiste, cliseadh nó fabht an phríomh-ghiarbhosca/an phríomh-cheangail rótair, a bhféadfadh deighilt chóimeáil an rótair le linn eitilte agus/nó mífheidhmeanna an rialaithe rótair a bheith mar thoradh air.

(6) Mífheidhmiú mór córais nó trealaimh atá criticiúil ó thaobh na sábháilteachta de lena n-áirítear córas nó trealamh éigeandála le linn tástáil chothabhála nó mainneachtain na córais sin a ghníomhachtú tar éis cothabhála, lena n-áirítear ARF.

(7) Iompraíocht mhínormálta córais mar gheall ar theagmhas slándála faisnéise (mar shampla: faisnéis nó sonraí i mbaol, ionfhabhtú bogearraí mailíseacha, ionsaí diúltaithe seirbhíse dáilte (DDoS)).

(8) Cóimeáil nó suiteáil mhícheart comhpháirteanna an aerárthaigh nó ARF, a fuarthas le linn cigireachta nó nós imeachta tástála nach bhfuil beartaithe chun na críche sonraí sin.

([1]) I gcomhréir le hAirteagal 3(38) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/945, 'ciallaíonn 'aonad rialúcháin agus faireacháin' ('ARF') an trealamh chun aerárthaí gan foireann a rialú agus faireachán a dhéanamh orthu go cianda, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (32) de Rialachán (AE) 2018/1139'.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme maidir le haeracmhainneacht agus deimhniú comhshaoil nó dearbhú comhlíontachta aerárthaí agus táirgí gaolmhara, comhpháirteanna gaolmhara, fearas gaolmhar, aonad rialaithe agus faireacháin gaolmhar agus comhpháirteanna gaolmhara aonad rialaithe agus faireacháin, chomh maith le ceanglais maidir le cumas na n-eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/748/oj).

(9) Measúnú mícheart ar fhabht tromchúiseach, nó neamhchomhlíonadh tromchúiseach an íosliosta trealaimh agus nósanna imeachta an logleabhair theicniúil.

(10) Damáiste tromchúiseach do chóras idirnaisc sreangaithe leictreach (EWIS).

(11) Aon fhabht i bpáirt chriticiúil a bhfuil teorainn lena saolré aici is cúis le haistarraingt na páirte sin roimh dheireadh a shaolré.

(12) Úsáid táirgí, trealaimh neamhshuiteáilte, comhpháirteanna nó ábhar, de thionscnamh anaithnid, amhrasta, nó comhpháirteanna criticiúla neamhfhóinteacha.

(13) Sonraí nó nósanna imeachta cothabhála míthreoracha, míchearta nó neamhleora is infheidhme a bhféadfadh mórearráidí cothabhála a bheith mar thoradh orthu, lena n-áirítear saincheist teanga.

(14) Rialú mícheart nó cur i bhfeidhm mícheart ar theorainneacha cothabhála, nósanna imeachta nó cothabháil sceidealaithe an aerárthaigh, lena n-áirítear rialú nó cur i bhfeidhm mícheart ARF.

(15) Aerárthach nó ARF a scaoileadh chun seirbhís chothabhála i gcás aon neamhchomhlíonta lena gcuirtear sábháilteacht na heitilte i mbaol.

(16) Damáiste tromchúiseach a rinneadh d'aerárthach, do pháirt, nó do ARF le linn gníomhaíochtaí cothabhála mar gheall ar chothabháil mhícheart nó úsáid mhícheart trealaimh tacaíochta ar talamh atá míchuí nó neamhfhóinteach agus a dteastaíonn gníomhaíochtaí cothabhála breise ina leith.

(17) Tarluithe sainaitheanta dóite, leáite, deataigh, stuála, róthéimh nó dóiteáin.

(18) Aon tarlú inar chuir feidhmíocht an duine, lena n-áirítear tuirse an phearsanra, go díreach le tionóisc nó le teagmhas tromchúiseach nó ina bhféadfadh sé gur chuir sé le tionóisc nó le teagmhas tromchúiseach.

(19) Mífheidhm mhór, saincheist iontaofachta, nó fadhb athfhillteach maidir le cáilíocht taifeadta a dhéanann difear do chóras taifeadáin eitilte (amhail córas sonraí eitilte, córas taifeadta nasctha sonraí nó córas taifeadáin gutha ó chró an phíolóta) nó easpa faisnéise is gá chun fóinteacht córais taifeadáin eitilte a áirithiú, lena n-áirítear iad siúd atá suiteáilte in ARF.

(20) Úsáid nó úsáid fhéideartha cumraíochta nó suiteála neamhcheadaithe ARF.'

IARSCRÍBHINN III

'IARSCRÍBHINN III

TARLUITHE A BHAINEANN LE SEIRBHÍSÍ AGUS SAORÁIDÍ AERLOINGSEOIREACHTA

Nóta: Déantar an Iarscríbhinn seo a struchtúrú sa chaoi go mbeidh na tarluithe ábhartha nasctha le catagóirí gníomhaíochtaí ina mbreathnaítear iad de ghnáth, de réir taithí, chun tuairisciú na dtarluithe sin a éascú. Mar sin féin, níor cheart a thuiscint go gciallaíonn an liosta sin nár cheart tarluithe a thuairisciú nuair a tharlaíonn siad lasmuigh den chatagóir gníomhaíochtaí lena bhfuil siad nasctha sa liosta.

1. TARLUITHE A BHAINEANN LE HAERÁRTHAÍ

(1) Imbhualadh nó neas-imbhualadh ar an talamh nó san aer, idir aerárthach agus aerárthach eile nó UAS, tír-raon nó bacainn ([1]), lena n-áirítear eitilt neasrialaithe isteach sa tír-raon (CFIT).

(2) Sárú ar íosfhad scartha ([2]).

(3) Scaradh neamhleor ([3]).

(4) Córas seachanta imbhuailtí ar eite, comhairle réitigh.

(5) Imbhualadh fiadhúlra lena n-áirítear imbhualadh éan.

(6) Forthiomáint ar an mbealach innlithe nó rúidbhealaigh.

(7) Ionradh iarbhír nó féideartha ar an mbealach innlithe nó rúidbhealaigh.

(8) Ionradh ar an limistéar ascnaimh deiridh agus éirí de thalamh.

(9) Claonadh aerárthaigh ó chead rialaithe aerthráchta nó treoracha.

(10) Claonadh aerárthaigh ón rialachán is infheidhme maidir le bainistíocht aerthráchta:

(a) Claonadh aerárthaigh ó nósanna imeachta BAT foilsithe is infheidhme;

(b) Sárú aerspáis lena n-áirítear dul i bhfód neamhúdaraithe aerspáis;

(c) Claonadh ó iompar agus oibríochtaí trealaimh aerárthaí a bhaineann le BAT, mar a shainordaítear leis na rialacháin is infheidhme.

(11) Teacht isteach an aerárthaigh faoi fhoireann in aerspás gníomhach U-space atá ainmnithe laistigh d'aerspás rialaithe.

(12) Tarluithe a bhaineann le mearbhall maidir le glao-chomhartha.

2. DÍGHRÁDÚ NÓ CAILLTEANAS IOMLÁN SEIRBHÍSÍ NÓ FEIDHMEANNA

(1) Neamhábaltacht seirbhísí BAT a sholáthar nó feidhmeanna BAT a fhorghníomhú:

(a) Neamhábaltacht seirbhísí aerthráchta a sholáthar ná feidhmeanna seirbhísí aerthráchta a chur i gcrích;

(b) Neamhábaltacht seirbhísí bainistíochta aerspáis a sholáthar ná feidhmeanna bainistíochta aerspáis a chur i gcrích;

(c) Neamhábaltacht seirbhísí bainistíochta sreibhe aerthráchta agus acmhainneachta a sholáthar ná feidhmeanna bainistíochta sreibhe aerthráchta agus acmhainneachta a fhorghníomhú.

(2) Neamhábaltacht athchumrú dinimiciúil aerspáis U-space a sholáthar nó a fhorghníomhú.

(3) Faisnéis atá in easnamh nó atá go mór mícheart, éillithe, neamhleor nó míthreorach ó aon seirbhís tacaíochta ([4]), lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le drochdhálaí dromchla an rúidbhealaigh.

([1]) Tá feithicil i gceist le bacainn chomh maith.

([2]) Tagraíonn sé seo do chás nár coinníodh íosfhad scartha forordaithe idir aerárthaí nó idir aerárthaí agus aerspás a bhforordaítear íosfhad scartha ina leith.

([3]) In éagmais íosfhad scartha forordaithe, cás inar measadh go ndeachaigh aerárthaí róghar dá chéile do phíolótaí chun scaradh sábháilte a áirithiú.

([4]) Mar shampla: Seirbhís aerthráchta (ATS), seirbhís uathoibríoch eolais críochfoirt, seirbhísí meitéareolaíocha, bunachair sonraí loingseoireachta, léarscáileanna, cairteacha, seirbhís faisnéise aerloingseoireachta (AIS), lámhleabhair.

(4) Cliseadh ar sheirbhís cumarsáide.

(5) Cliseadh ar sheirbhís faireachais.

(6) Cliseadh ar fheidhm nó ar sheirbhís próiseála agus dáilte sonraí.

(7) Cliseadh ar sheirbhís loingseoireachta.

(8) Cliseadh ar shlándáil an chórais BAT a raibh nó a bhféadfadh tionchar diúltach díreach a bheith aige ar sholáthar sábháilte na seirbhíse.

(9) Ró-ualach mór earnála/suímh na seirbhísí aerthráchta (ATS), rud a d'fhéadfadh meath a chur ar sholáthar seirbhísí.

(10) Glacadh mícheart nó léirmhíniú mícheart ar chumarsáid shuntasach, lena n-áirítear easpa tuisceana ar an teanga a úsáidtear, nuair a bhí tionchar diúltach díreach aige sin ar sholáthar sábháilte na seirbhíse nó nuair a d'fhéadfadh tionchar diúltach díreach a bheith aige ar sholáthar sábháilte na seirbhíse.

(11) Caillteanas faidréiseach cumarsáide le haerárthach nó le haonad ATS eile.

3. TARLUITHE EILE

(1) Fógra éigeandála (glao 'Mayday'(nó staid éigeandála ('PAN').

(2) Mórchur isteach seachtrach ar sheirbhísí aerloingseoireachta (stáisiúin craolacháin raidió a tharchuireann sa bhanda FM, cur isteach ar chóras tuirlingthe le hionstraimí, raon raidió uile-threo VHF (VOR) agus cumarsáid, mar shampla).

(3) Cur isteach ar aerárthach, ar aonad ATS nó ar tharchur cumarsáide raidió lena n-áirítear le hairm thine, tinte ealaíne, eiteoga eitilte, soilsiú léasair, léasair soilse ardchumhachta, córais aerárthaí gan foireann (UAS) nó ar mhodhanna comhchosúla.

(4) Dumpáil breosla.

(5) Iompraíocht mhínormálta córais mar gheall ar theagmhas slándála faisnéise (mar shampla: faisnéis nó sonraí i mbaol, ionfhabhtú bogearraí mailíseacha, ionsaí diúltaithe seirbhíse dáilte (DDoS)).

(6) Tuirse a imríonn tionchar ar an gcumas dualgais aerloingseoireachta nó aerthráchta a dhéanamh go sábháilte nó a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an gcumas sin.

(7) Aon tarlú inar chuir feidhmíocht an duine go díreach le tionóisc nó le teagmhas tromchúiseach nó ina bhféadfadh sé gur chuir sí go díreach leis an tionóisc nó leis an teagmhas sin.

(8) Bagairt buamaí nó fuadach (infheidhme go dtí an 31 Nollaig 2027).'

IARSCRÍBHINN IV

'IARSCRÍBHINN IV

TARLUITHE A BHAINEANN LE hAERADRÓIM AGUS SEIRBHÍSÍ TALÚN

1. BAINISTÍOCHT SÁBHÁILTEACHTA AERADRÓIM

Nóta: Déantar an Roinn seo a struchtúrú sa chaoi go mbeidh na tarluithe ábhartha nasctha le catagóirí gníomhaíochtaí ina mbreathnaítear iad de ghnáth, de réir taithí, chun tuairisciú na dtarluithe sin a éascú. Mar sin féin, níor cheart a thuiscint go gciallaíonn an liosta sin nár cheart tarluithe a thuairisciú nuair a tharlaíonn siad lasmuigh den chatagóir gníomhaíochtaí lena bhfuil siad nasctha sa liosta.

1.1. **Tarluithe a bhaineann le haerárthaí agus bacainní**

(1) Imbhualadh nó neas-imbhualadh, ar an talamh nó san aer, idir aerárthach agus aerárthach eile, tír-raon nó bacainn ([1]).

(2) Imbhualadh fiadhúlra lena n-áirítear imbhualadh éan.

(3) Forthiomáint ar an mbealach innlithe nó rúidbhealaigh.

(4) Ionradh iarbhír nó féideartha ar an mbealach innlithe nó rúidbhealaigh.

(5) Ionradh nó forthiomáint ar an limistéar ascnaimh deiridh agus éirí de thalamh.

(6) Teip ar aerárthach nó feithicil cead, treoir nó srian a leanúint agus iad ag oibriú ar limistéar gluaiseachta aeradróim (mar shampla: rúidbhealach mícheart, bealach innlithe mícheart nó cuid shrianta d'aeradróm).

(7) Ábhar coimhthíoch i limistéar gluaiseachta an aeradróim a chuir an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

(8) Bacainní a bheith ar an aeradróm nó timpeall an aeradróim nach bhfoilsítear san fhoilseachán faisnéise aerloingseoireachta (AIP) ná san fhógra d'eitleoirí agus/nó nach bhfuil marcáilte ná soilsithe i gceart.

(9) Cur isteach ar an mbrú siar, cur isteach ar an gcúlú cumhachta nó cur isteach ar an inleadh ag feithicil, trealamh nó duine.

(10) Paisinéirí nó duine neamhúdaraithe a fhágtar gan mhaoirseacht ar an naprún.

(11) Éifeacht scairdsoinneáin, aershreibhe rótair anuas nó soinneáin liáin.

(12) Fógra éigeandála (glao 'Mayday'(nó staid éigeandála ('PAN').

1.2. **Díghrádú nó caillteanas iomlán seirbhísí nó feidhmeanna**

(1) Cailleadh na cumarsáide idir na páirtithe seo a leanas nó teip ar an gcumarsáid sin:

(a) Aeradróm, feithicil nó pearsanra eile talún agus aonad seirbhísí aerthráchta nó aonad seirbhísí bainistíochta naprúin;

(b) Aonad seirbhíse bainistíochta naprúin agus aonad seirbhísí aerárthaigh, feithicle nó aerthráchta.

(2) Mórchliseadh, mífheidhmiú nó fabht ar threalamh nó ar chóras aeradróim a chuir an t-aerárthach nó na daoine atá ar bord i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach nó na daoine atá ar bord a chur i mbaol.

(3) Iompraíocht mhínormálta córais mar gheall ar theagmhas slándála faisnéise (mar shampla: faisnéis nó sonraí i mbaol, ionfhabhtú bogearraí mailíseacha, ionsaí diúltaithe seirbhíse dáilte (DDoS)).

(4) Easnaimh mhóra i soilsiú, marcáil nó comharthaí aeradróim.

(5) Cliseadh ar an gcóras foláirimh éigeandála aeradróim.

(6) Seirbhísí tarrthála agus comhraic dóiteáin gan a bheith ar fáil de réir na gceanglas is infheidhme.

([1]) Tá feithicil i gceist le bacainn chomh maith.

1.3. **Tarluithe eile**

(1) Dóiteán, deatach, pléascanna i saoráidí aeradróim, sa cheantar máguaird agus i dtrealamh a chuir an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

(2) Oibríochtaí UAS neamhúdaraithe san aeradróm nó ina thimpeallacht a chuireann oibriú sábháilte aerárthaí i mbaol nó a d'fhéadfadh é a chur i mbaol.

(3) Easpa tuairiscithe maidir le hathrú mór ar dhálaí oibriúcháin aeradróim a chuir an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

(4) Cóireáil dí-oighrithe/frith-oighrithe in easnamh, mícheart nó neamhleor.

(5) Doirteadh mór le linn oibríochtaí breoslaithe.

(6) Luchtú breosla/fuinnimh nó sreabhán fíor-riachtanach eile atá éillithe nó mícheart (lena n-áirítear ocsaigin, nítrigin, ola agus uisce óil).

(7) Gan a bheith in ann drochdhálaí dromchla rúidbhealaigh a láimhseáil.

(8) Aon tarlú inar chuir feidhmíocht an duine go díreach le tionóisc nó le teagmhas tromchúiseach nó ina bhféadfadh sé gur chuir sí go díreach leis an tionóisc nó leis an teagmhas sin.

(9) Tarluithe a bhaineann le slándáil aeradróim (mar shampla: teacht isteach neamhdhleathach, sabaitéireacht, bagairt buama) (infheidhme go dtí an 31 Nollaig 2027).

2. LÁIMHSEÁIL AERÁRTHAIGH AR AN TALAMH

Nóta: Déantar an Roinn seo a struchtúrú sa chaoi go mbeidh na tarluithe ábhartha nasctha le catagóirí gníomhaíochtaí ina mbreathnaítear iad de ghnáth, de réir taithí, chun tuairisciú na dtarluithe sin a éascú. Mar sin féin, níor cheart a thuiscint go gciallaíonn an liosta sin nár cheart tarluithe a thuairisciú nuair a tharlaíonn siad lasmuigh den chatagóir gníomhaíochtaí lena bhfuil siad nasctha sa liosta.

2.1. **Tarluithe a bhaineann le haerárthaí agus le haeradróim**

(1) Imbhualadh nó neas-imbhualadh, ar an talamh nó san aer, idir aerárthach agus aerárthach eile, le tír-raon nó le bacainn ([2]).

(2) Ionradh ar rúidbhealach nó ar bhealach innlithe.

(3) Forthiomáint rúidbhealaigh nó ar an mbealach innlithe.

(4) Móréilliú ar struchtúr, ar chórais agus ar threalamh aerárthaí de dheasca bagáiste, post nó lasta a iompar.

(5) Cur isteach ar an mbrú siar, cur isteach ar an gcúlú cumhachta nó cur isteach ar an inleadh ag feithicil, trealamh nó duine.

(6) Ábhar coimhthíoch i limistéar gluaiseachta an aeradróim a chuir an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

(7) Paisinéirí nó duine neamhúdaraithe a fhágtar gan mhaoirseacht ar an naprún.

(8) Dóiteán, deatach, pléascanna i saoráidí aeradróim, sa cheantar máguaird agus i dtrealamh a chuir an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

(9) Iompraíocht mhínormálta córais mar gheall ar theagmhas slándála faisnéise (mar shampla: faisnéis nó sonraí i mbaol, ionfhabhtú bogearraí mailíseacha, ionsaí diúltaithe seirbhíse dáilte).

(10) Tarluithe a bhaineann le slándáil aeradróim (mar shampla: teacht isteach neamhdhleathach, sabaitéireacht, bagairt buama) (infheidhme go dtí an 31 Nollaig 2027).

2.2. **Díghrádú nó caillteanas iomlán seirbhísí nó feidhmeanna**

(1) Cailleadh cumarsáide le haerárthaí, le feithicil, le haonad seirbhísí aerthráchta nó le haonad seirbhísí bainistíochta naprúin nó teip na cumarsáide sin.

(2) Mórchliseadh, mífheidhmiú nó fabht ar threalamh nó ar chóras aeradróim a chuir an t-aerárthach nó na daoine atá ar bord i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach nó na daoine atá ar bord a chur i mbaol.

(3) Easnaimh mhóra i soilsiú, marcáil nó comharthaí aeradróim.

([2]) Tá feithicil i gceist le bacainn chomh maith.

2.3. **Tarluithe sonracha maidir le láimhseáil ar an talamh**

(1) Láimhseáil nó luchtú mícheart paisinéirí, bagáiste, poist nó lasta, ar dócha go mbeadh tionchar mór aige ar mhais agus/nó ar chothromaíocht an aerárthaigh (lena n-áirítear earráidí móra i ríomhanna na mbileog ualaigh).

(2) Trealamh bordála bainte a chuireann na daoine atá ar bord aerárthaigh i mbaol.

(3) Bagáiste, post nó lasta a stuáil nó a dhaingniú go mícheart, ar dóigh dó ar bhealach ar bith an t-aerárthach, a threalamh nó na daoine atá ar bord a chur i mbaol nó bac a chur ar aslonnú éigeandála.

(4) Iompar, iarracht ar iompar nó láimhseáil earraí contúirteacha a raibh, nó a bhféadfadh go mbeadh, sábháilteacht na hoibríochta i mbaol mar thoradh orthu nó a raibh riocht neamhshábháilte mar thoradh orthu (mar shampla: teagmhas nó tionóisc earraí contúirteacha mar a shainmhínítear i dtreoracha teicniúla EESI ([3])).

(5) Neamhchomhlíonadh na nósanna imeachta is gá maidir le láimhseáil agus seirbhísiú aerárthaí ar an talamh, go háirithe i nósanna imeachta dí-oighrithe, athbhreoslaithe, athluchtaithe nó luchtaithe, lena n-áirítear suí mícheart nó baint mhícheart trealaimh.

(6) Doirteadh mór le linn oibríochtaí breoslaithe.

(7) Luchtú cainníochtaí míchearta breosla/fuinnimh is dóigh a dhéanfaidh difear mór do sheasmhacht, feidhmíocht, cothromaíocht nó do dhaingne struchtúrach.

(8) Luchtú breosla/fuinnimh nó sreabhán fíor-riachtanach eile atá éillithe nó mícheart (lena n-áirítear ocsaigin, nítrigin, ola agus uisce óil).

(9) Cliseadh, mífheidhmiú nó fabht ar threalamh talún a úsáidtear le haghaidh láimhseáil ar an talamh, as a n-eascraíonn damáiste nó damáiste féideartha don aerárthach (mar shampla: barra tarraingthe nó an talamhaonad cumhachta (GPU)).

(10) Cóireáil dí-oighrithe/frith-oighrithe in easnamh, mícheart nó neamhleor.

(11) Damáiste d'aerárthaí ó threalamh láimhseála ar an talamh nó ó fheithiclí lena n-áirítear damáiste nár tuairiscíodh roimhe sin.

(12) Aon tarlú inar chuir feidhmíocht an duine go díreach le tionóisc nó le teagmhas tromchúiseach nó ina bhféadfadh sé gur chuir sí go díreach leis an tionóisc nó leis an teagmhas sin.

(13) Iompraíocht mhínormálta córais mar gheall ar theagmhas slándála faisnéise (mar shampla: faisnéis nó sonraí i mbaol, ionfhabhtú bogearraí mailíseacha, ionsaí diúltaithe seirbhíse dáilte (DDoS)).

(14) Neamhchomhlíonadh maidir le réiteach bagáiste nó paisinéirí (infheidhme go dtí an 31 Nollaig 2027).'

([3]) Treoracha Teicniúla maidir le hIompar Sábháilte Earraí Contúirteacha d'Aer (EESI — Doic. 9284).

IARSCRÍBHINN V

'IARSCRÍBHINN V

TARLUITHE A BHAINEANN LE hAERÁRTHAÍ FAOI FHOIREANN SEACHAS AERÁRTHAÍ ATÁ Á gCUMHACHTÚ LE MÓTAIR CHOIMPLÉASCACHA, LENA nÁIRÍTEAR SEOLEITLEÁIN AGUS FEITHICLÍ ATÁ NÍOS ÉADROIME NÁ AN tAER

Chun críocha na hIarscríbhinne seo:

(a) Ciallaíonn 'aerárthach seachas aerárthach atá á chumhachtú le mótar coimpléascach' aon aerárthach seachas an t-aerárthach a shainítear i bpointe (129) in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1020 ([1]) ón gCoimisiún;

(b) Tá le 'seoleitleán' an bhrí a shanntar in Airteagal 2, pointe (117) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún ([2]);

(c) Tá le 'feithiclí atá níos éadroime ná an t-aer' an bhrí a shanntar i bpointe ML10 den roinn 'Sainmhínithe ar théarmaí a úsáidtear sa liosta seo' den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

1. AERÁRTHAÍ FAOI FHOIREANN SEACHAS AERÁRTHAÍ ATÁ Á GCUMHACHTÚ LE MÓTAR COIMPLÉASCACH SEACHAS SEOLEITLEÁIN AGUS FEITHICLÍ ATÁ NÍOS ÉADROIME NÁ AN T-AER

Nóta 1: Déantar an Roinn seo a struchtúrú sa chaoi go mbeidh na tarluithe ábhartha nasctha le catagóirí gníomhaíochtaí ina mbreathnaítear iad de ghnáth, de réir taithí, chun tuairisciú na dtarluithe sin a éascú. Mar sin féin, níor cheart a thuiscint go gciallaíonn an liosta sin nár cheart tarluithe a thuairisciú nuair a tharlaíonn siad lasmuigh den chatagóir gníomhaíochtaí lena bhfuil siad nasctha sa liosta.

Nóta 2: San Iarscríbhinn V seo tá na tarluithe agus an fhaisnéis eile a bhaineann le sábháilteacht atá le tuairisciú in oibriú aerárthaí faoi fhoireann seachas aerárthaí atá á gcumhachtú le mótair choimpléascacha, lena n-áirítear seoleitleáin agus feithiclí atá níos éadroime ná an t-aer.

1.1. **Oibríochtaí aeir**

(1) Cailleadh neamhbheartaithe rialaithe.

(2) Tuirlingt lasmuigh den limistéar tuirlingthe atá beartaithe.

(3) Neamhábaltacht nó teip fheidhmíocht riachtanach an aerárthaigh a bhaint amach a bhí tuartha faoi ghnáthdhálaí le linn éirí de thalamh, dreaptha nó tuirlingthe.

(4) Ionradh rúidbhealaigh

(5) Forthiomáint rúidbhealaigh.

(6) Aon eitilt a rinneadh le haerárthach nach raibh aeracmhainneach, nó nár cuireadh ullmhú na heitilte i gcrích ina leith, a chuir an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

(7) Eitilt neamhbheartaithe isteach i staid mheitéareolaíoch eitilte le huirlis aerárthaí nach bhfuil na rialacha um eitilt de réir uirlisí deimhnithe, nó píolóta nach bhfuil cáilithe do na rialacha um eitilt de réir uirlisí, a chuir an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

(8) Lasta a scaoileadh go neamhbheartaithe ([4]).

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1020 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a mhéid a bhaineann le hoibríochtaí héileacaptair i mbun seirbhís leighis éigeandála (IO L 137, 25.5.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1020/oj).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2012 lena leagtar síos rialacha coiteanna an aeir agus forálacha oibríochtúla maidir le seirbhísí agus nósanna imeachta san aerloingseoireacht agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1035/2011 agus Rialacháin (CE) Uimh. 1265/2007, (CE) Uimh. 1794/2006, (CE) Uimh. 730/2006, (CE) Uimh. 1033/2006 agus (AE) Uimh. 255/2010 (IO L 281, 13.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2012/923/oj).

([3]) Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009, lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (IO L 146, 10.6.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/43/oj).

([4]) Níl feidhm ag an ítim seo ach amháin maidir le hoibríochtaí tráchtála de réir bhrí Airteagal 3, pointe (24) de Rialachán (AE) 2018/1139. Dá bhrí sin, ciallaíonn 'aeriompar tráchtála' oibríocht aerárthaí le paisinéirí, lasta nó post a iompar mar mhalairt ar luach saothair nó ar chomaoin luachmhar eile;

1.2. **Tarluithe teicniúla**

(1) Creathadh tromchúiseach mínormalach (mar shampla: ailearán nó 'eitleach' ardaitheora, nó de lián).

(2) Aon rialú eitilte nach bhfuil ag feidhmiú i gceart nó atá dínasctha.

(3) Cliseadh nó meath substaintiúil ar struchtúr an aerárthaigh.

(4) Cailleadh aon chuid de struchtúr nó de shuiteáil an aerárthaigh le linn eitilte.

(5) Cliseadh innill, rótair, liáin, córais breosla nó córais fhíor-riachtanaigh eile.

(6) Sceitheadh aon leachta as ar eascair guais dóiteáin nó éilliú guaiseach a d'fhéadfadh a bheith ann ar struchtúr, ar chórais nó ar threalamh an aerárthaigh, nó riosca dóibh siúd ar bord.

1.3. **Idirghníomhaíocht le seirbhísí aerloingseoireachta agus bainistíocht aerthráchta**

(1) Idirghníomhaíocht le seirbhísí aerloingseoireachta (mar shampla: seirbhísí míchearta a cuireadh ar fáil, cumarsáid chontrártha nó claonadh ó chead) a chuir an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

(2) Sárú aerspáis.

1.4. **Éigeandálaí agus cásanna criticiúla eile**

(1) Aon tarlú as a n-eascraíonn glao éigeandála.

(2) Dóiteán, pléascadh, deatach, gáis thocsaineacha nó múch thocsaineach san aerárthach.

(3) Éagumasú an phíolóta a fhágann nach bhfuil sé ar a chumas aon dualgas a chomhlíonadh.

1.5. **An timpeallacht sheachtrach agus an mheitéareolaíocht**

(1) Imbhualadh ar an talamh nó san aer, le haerárthach eile, le tír-raon nó le bacainn eile ([5]).

(2) Neas-imbhualadh, ar an talamh nó san aer, le haerárthach eile, le tír-raon nó le bacainn ([6]) a éilíonn inlíocht seachanta éigeandála chun imbhualadh a sheachaint.

(3) Imbhualadh fiadhúlra lena n-áirítear imbhualadh éan as ar eascair damáiste don aerárthach nó cailleadh nó mífheidhmiú aon seirbhíse riachtanaí.

(4) Cur isteach ar an aerárthach le hairm thine, tinte ealaíne, eitleoga eitilte, soilsiú léasair, soilse ardchumhachta, léasair, córais aerárthaí gan foireann (UAS) nó ar bhealaí comhchosúla.

(5) Buille tintrí as a n-eascraíonn damáiste d'fheidhmeanna an aerárthaigh nó cailleadh na bhfeidhmeanna sin.

(6) Diansuaiteacht as ar eascair gortú dóibh siúd atá ar bord aerárthaigh nó an gá seiceáil damáiste a dhéanamh ar an aerárthach tar éis na heitilte.

(7) Oighriú lena n-áirítear oighriú carbradóra a chuir an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

1.6. **Slándáil Faisnéise**

(1) Iompraíocht mhínormálta córais mar gheall ar theagmhas slándála faisnéise (mar shampla: faisnéis nó sonraí i mbaol, ionfhabhtú bogearraí mailíseacha, ionsaí diúltaithe seirbhíse dáilte (DDoS)).

1.7. **Tarluithe a bhaineann leis an U-space**

(1) Teacht isteach in aerspás U-space arna ainmniú in aerspás neamhrialaithe gan gaireas gníomhach feiceálachta leictreonaí ([7]).

(2) Mífheidhm mhór, saincheist iontaofachta, nó saincheist cháilíochta athfhillteach a dhéanann difear do ghairis nó do shuiteálacha feiceálachta leictreonaí.

(3) Teagmháil le haerárthaí gan foireann agus iad ar idirthuras in aerspás U-space.

([5]) Tá feithicil i gceist le bacainn chomh maith.
([6]) Tá feithicil i gceist le bacainn chomh maith.
([7]) Feiceálacht leictreonach le haghaidh aerárthaí faoi fhoireann in aerspás U-space de réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/666 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 923/2012 a mhéid a bhaineann le ceanglais d'eitlíocht faoi fhoireann a oibríonn san aerspás U-space (IO L 139, 23.4.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/666/oj).

2. SEOLEITLEÁIN (FAOILEOIRÍ)

Nóta: Déantar an Roinn seo a struchtúrú sa chaoi go mbeidh na tarluithe ábhartha nasctha le catagóirí gníomhaíochtaí ina mbreathnaítear iad de ghnáth, de réir taithí, chun tuairisciú na dtarluithe sin a éascú. Mar sin féin, níor cheart a thuiscint go gciallaíonn an liosta sin nár cheart tarluithe a thuairisciú nuair a tharlaíonn siad lasmuigh den chatagóir gníomhaíochtaí lena bhfuil siad nasctha sa liosta.

2.1. **Oibríochtaí aeir**

(1) Cailleadh neamhbheartaithe rialaithe.

(2) Tarlú nach raibh an píolóta seoleitleáin in ann an cábla unlais nó an téad aertharraingthe a scaoileadh agus go raibh air é sin a dhéanamh trí nósanna imeachta éigeandála a úsáid.

(3) Aon scaoileadh den chábla unlais nó den téad aertharraingthe más rud é gur chuir an scaoileadh an seoleitleán, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó go bhféadfadh sé iad a chur i mbaol.

(4) I gcás seoleitleán cumhachtaithe, teip innill le linn éirí de thalamh.

(5) Aon eitilt a rinneadh le seoleitleán nach raibh aeracmhainneach, nó ar chuir ullmhúchán neamhiomlán eitilte an seoleitleán, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol ina leith, nó a bhféadfadh sé gur chuir sé i mbaol iad.

2.2. **Tarluithe teicniúla**

(1) Creathadh tromchúiseach mínormalach (mar shampla: ailearán nó 'eitleach' ardaitheora, nó de lián).

(2) Aon rialú eitilte nach bhfuil ag feidhmiú i gceart nó atá dínasctha.

(3) Cliseadh nó meath substaintiúil ar struchtúr seoleitleán.

(4) Cailleadh aon chuid de struchtúr nó de shuiteáil an seoleitleáin le linn eitilte.

2.3. **Idirghníomhaíocht le seirbhísí aerloingseoireachta agus bainistíocht aerthráchta**

(1) Idirghníomhaíocht le seirbhísí aerloingseoireachta (mar shampla: seirbhísí míchearta a cuireadh ar fáil, cumarsáid chontrártha nó claonadh ó chead) a chuir an seoleitleán, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an seoleitleán, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

(2) Sáruithe aerspáis.

2.4. **Éigeandálaí agus cásanna criticiúla eile**

(1) Aon tarlú as a n-eascraíonn glao éigeandála.

(2) Aon chás nach bhfuil aon limistéar sábháilte tuirlingthe ar fáil fós.

(3) Dóiteán, pléascadh, deatach, nó gáis thocsaineacha nó múch thocsaineach sa seoleitleán.

(4) Éagumasú an phíolóta a fhágann nach bhfuil sé ar a chumas aon dualgas a chomhlíonadh.

2.5. **An timpeallacht sheachtrach agus an mheitéareolaíocht**

(1) Imbhualadh ar an talamh nó san aer, le haerárthach, le tír-raon nó le bacainn ([8]).

(2) Neas-imbhualadh, ar an talamh nó san aer, le haerárthach, tír-raon nó bacainn ([9]) a éilíonn inlíocht seachanta éigeandála chun imbhualadh a sheachaint.

(3) Cur isteach ar an seoleitleán le hairm thine, tinte ealaíne, eitleoga eitilte, soilsiú léasair, léasair soilse ardchumhachta, córais aerárthaí gan foireann (CAGF) nó ar bhealaí comhchosúla.

(4) Buille tintrí a dhéanann damáiste don seoleitleán.

2.6. **Tarluithe a bhaineann leis an U-space**

(1) Teacht isteach in aerspás U-space arna ainmniú in aerspás neamhrialaithe gan gaireas gníomhach feiceálachta leictreonaí.

(2) Mífheidhm mhór, saincheist iontaofachta, nó saincheist cháilíochta athfhillteach a dhéanann difear do ghairis nó do shuiteálacha feiceálachta leictreonaí.

(3) Teagmháil le haerárthaí gan foireann agus iad ar idirthuras in aerspás U-space.

([8]) Tá feithicil i gceist le bacainn chomh maith.
([9]) Tá feithicil i gceist le bacainn chomh maith.

3. FEITHICLÍ ATÁ NÍOS ÉADROIME NÁ AN T-AER (BALÚIN AGUS AERLONGA)

Nóta: Déantar an Roinn seo a struchtúrú sa chaoi go mbeidh na tarluithe ábhartha nasctha le catagóirí gníomhaíochtaí ina mbreathnaítear iad de ghnáth, de réir taithí, chun tuairisciú na dtarluithe sin a éascú. Mar sin féin, níor cheart a thuiscint go gciallaíonn an liosta sin nár cheart tarluithe a thuairisciú nuair a tharlaíonn siad lasmuigh den chatagóir gníomhaíochtaí lena bhfuil siad nasctha sa liosta.

3.1. **Oibríochtaí aeir**

(1) Aon eitilt a rinneadh le feithicil níos éadroime ná an t-aer nach raibh aeracmhainneach, nó a ndearna nó a bhféadfadh ullmhú neamhiomlán eitilte ina leith an fheithicil níos éadroime ná an t-aer, na daoine ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

(2) Buandíothú neamhbheartaithe na lasrach píolótaí

3.2. **Tarluithe teicniúla**

(1) Cliseadh aon cheann de na páirteanna nó de na rialtáin seo a leanas: feadán tumtha ar shorcóir breosla, ulóg imchlúdaigh, líne rialaithe, téad ar teaghrán, sceitheadh séala comhla ar dhóire, sceitheadh séala comhla ar shorcóir breosla, carbánadóir, damáiste don líne bhreosla, comhla gháis ardaithe, imchlúdach nó ballonnet, séidire, comhla faoisimh brú (balún gáis), unlas (balúin gháis ar teaghrán).

(2) Sceitheadh nó caillteanas mór gáis ardaithe (mar shampla: póiriúlacht, comhlaí gáis ardaithe neamhsheasta).

3.3. **Idirghníomhaíocht le seirbhísí aerloingseoireachta agus bainistíocht aerthráchta**

(1) Idirghníomhaíocht le seirbhísí aerloingseoireachta (mar shampla: seirbhísí míchearta a soláthraíodh, cumarsáid chontrártha nó claonadh ó chead) a chuir an fheithicil níos éadroime ná an t-aer, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an fheithicil níos éadroime ná an t-aer, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

(2) Sárú aerspáis.

3.4. **Éigeandálaí agus cásanna criticiúla eile**

(1) Aon tarlú as a n-eascraíonn glao éigeandála.

(2) Dóiteán, pléascadh, deatach nó múch thocsaineach san fheithicil atá níos éadroime ná an t-aer (thar ghnáthoibriú an dóire).

(3) Daoine atá ar bord feithicle atá níos éadroime ná an t-aer a chaitear amach ó chiseán nó gandala.

(4) Éagumasú an phíolóta a fhágann nach bhfuil sé ar a chumas aon dualgas a chomhlíonadh.

(5) Ardú nó tarraingt neamhbheartaithe foirne talún, as a n-eascraíonn bás nó gortú duine.

3.5. **An timpeallacht sheachtrach agus an mheitéareolaíocht**

(1) Imbhualadh nó neas-imbhualadh ar an talamh nó san aer, le haerárthach, tír-raon nó bacainn ([10]) a chuir an fheithicil níos éadroime ná an t-aer, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an fheithicil níos éadroime ná an t-aer, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

(2) Cur isteach ar an bhfeithicil atá níos éadroime ná an t-aer le hairm thine, tinte ealaíne, eitleoga eitilte, soilsiú léasair, soilse ardchumhachta, léasair, córais aerárthaí gan foireann (UAS) nó ar bhealaí comhchosúla.

(3) Teagmháil gan choinne de dhrochaimsir a chuir an fheithicil níos éadroime ná an t-aer, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an fheithicil níos éadroime ná an t-aer, na daoine atá ar bord nó aon duine eile a chur i mbaol.

3.6. **Tarluithe a bhaineann leis an U-space**

(1) Teacht isteach in aerspás U-space arna ainmniú in aerspás neamhrialaithe gan gaireas gníomhach feiceálachta leictreonaí.

(2) Mífheidhm mhór, saincheist iontaofachta, nó saincheist cháilíochta athfhillteach a dhéanann difear do ghairis nó do shuiteálacha feiceálachta leictreonaí.

(3) Teagmháil le haerárthaí gan foireann agus iad ar idirthuras in aerspás U-space.'

([10]) Tá feithicil i gceist le bacainn chomh maith.

IARSCRÍBHINN VI

'IARSCRÍBHINN VI

TARLUITHE A BHAINEANN LE hOIBRIÚ AN CHÓRAIS AERÁRTHAÍ GAN FOIREANN (UAS)

Nóta 1: Déantar an Iarscríbhinn seo a struchtúrú sa chaoi go mbeidh na tarluithe ábhartha nasctha le catagóirí gníomhaíochtaí ina mbreathnaítear iad de ghnáth, de réir taithí, chun tuairisciú na dtarluithe sin a éascú. Mar sin féin, níor cheart a thuiscint go gciallaíonn an liosta sin nár cheart tarluithe a thuairisciú nuair a tharlaíonn siad lasmuigh den chatagóir gníomhaíochtaí lena bhfuil siad nasctha sa liosta.

Nóta 2: San Iarscríbhinn seo tá na tarluithe agus faisnéis eile a bhaineann le sábháilteacht atá le tuairisciú in oibriú UAS ar ina leith a cheanglaítear deimhniú nó dearbhú maidir le dearadh de bhun Airteagal 56(1) agus (5) de Rialachán (AE) 2018/1139.

Nóta 3: Tá na tarluithe i dtimpeallacht an U-space a liostaítear i bpointe 6 le tuairisciú ag cianphíolótaí agus ag oibreoirí UAS agus a n-oibríochtaí á ndéanamh acu in aerspás an U-space.

1. OIBRÍOCHTAÍ AEIR

1.1. **Ullmhú eitilte agus ullmhú UAS**

(1) Tá oibríocht UAS beartaithe i méid oibríochtúil a sháraíonn na teorainneacha a dtugtar tuairisc orthu in údaruithe eisithe nó i bpribhléidí an deimhnithe oibreora córais aerárthaí éadroma gan foireann.

(2) Pleanáil mhíchuí oibríocht UAS agus na bearta maolaithe gaolmhara, a chuir aon aerárthach nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh aon aerárthach nó aon duine eile a chur i mbaol (mar shampla: nósanna imeachta teagmhasacha agus éigeandála, méid oibríochtúil, ceanglas feidhmíochta um maolú oirbheartaíochta ([1])).

(3) Úsáid sonraí míchearta nó iontrálacha earráideacha in UAS nó i dtrealamh a úsáidtear le haghaidh ríomhanna loingseoireachta nó feidhmíochta as a dtagann mífheidhm nó teip UAS, a chuir aon aerárthach nó duine i mbaol nó a d'fhéadfadh aon aerárthach nó duine a chur i mbaol.

(4) Cumraíocht UAS atá éagsúil leis na treoracha arna sainiú nó arna n-údarú ag an monaróir nó ag an údarás inniúil (sampla: pálasta, cumraíocht bogearraí, etc.), a chuir an t-aerárthach gan foireann nó aon aerárthach eile nó duine i mbaol nó a d'fhéadfadh iad a chur i mbaol.

(5) Earraí contúirteacha a iompar nó iarracht ar earraí contúirteacha a iompar nuair nach bhfuil sé i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme lena n-áirítear lipéadú, pacáistiú agus láimhseáil mhícheart earraí contúirteacha.

(6) Foinse fuinnimh atá mícheart, mí-oiriúnach nó díghrádaithe (lena n-áirítear breosla).

(7) Cóireáil dí-oighrithe/frith-oighrithe in easnamh, mícheart nó neamhleor.

1.2. **Éirí de thalamh agus tuirlingt - Oibríochtaí ó aeradróim nó ingearfoirt nó chucu**

(1) Ionraí rúidbhealaigh, ionradh ar an limistéar ascnaimh deiridh agus éirí de thalamh.

(2) Forthiomáintí rúidbhealaigh.

(3) Aon éirí de thalamh diúltaithe.

(4) Éirí de thalamh, ascnamh nó tuirlingt iarbhír nó iarracht ar éirí de thalamh, ascnamh nó tuirlingt le socrú cumraíochta mícheart.

(5) Imbhualadh ag an deireadh, imbhualadh lainne/rinne sciatháin nó naoisile le linn éirí de thalamh nó tuirlingthe.

(6) Scairdsoinneán nó tarluithe aershreibhe rótair agus liáin anuas/amach, tarluithe a chuir aon aerárthach nó duine i mbaol nó a d'fhéadfadh aon aerárthach nó duine a chur i mbaol.

(7) Tuirlingt chrua, ghearr agus fhada.

(8) Damáiste de bharr ábhar coimhthíoch/smionagair nó drochdhálaí dromchla ar an dromchla éirí de thalamh agus tuirlingthe.

([1]) Is bearta iad ceanglas feidhmíochta um maolú oirbheartaíochta a úsáidtear i measúnuithe riosca drón chun imbhuailtí san aer a chosc trí aghaidh a thabhairt ar riosca aeir iarmharach.

1.3. **Éirí de thalamh agus tuirlingt - Oibríochtaí lasmuigh d'aeradróim nó d'ingearfoirt**

(1) Éirí de thalamh, tuirlingt lasmuigh den limistéar tuirlingthe atá beartaithe.

(2) Bearta slándála agus sábháilteachta míchuí ar an talamh a chuir aon duine i mbaol nó a d'fhéadfadh aon duine a chur i mbaol.

1.4. **Aon chéim den eitilt**

(1) Caillteanas i rialú na hoibríochta.

(2) Cailleadh faidréiseach na hamharcthagairte d'oibríochtaí amharclíne súl (VLOS) (mar shampla: mar gheall ar dhálaí meitéareolaíochta díobhálacha nó bacainní).

(3) Cailliúint feasachta staide (sampla: lena n-áirítear dálaí comhshaoil, feasacht ar an modh agus ar an gcóras, ualach oibre iomarcach, díspreagadh spásúil, tréimhse ama agus idirghníomhaíocht mhíchuí leis an trealamh chun an t-aerárthach gan foireann a rialú go cianda (Aonad rialúcháin agus faireacháin (ARF) ([2])).

(4) Bainistíocht mhícheart breosla nó fuinnimh (mar shampla: cainníocht bhreosla/fuinnimh atá íseal go criticiúil nó cainníocht bhreosla/fuinnimh ag an bpointe faoi bhun an chúltaca breosla/fuinnimh deiridh is gá).

(5) Neamhábaltacht nó teip fheidhmíocht riachtanach an aerárthaigh a bhaint amach a bhí tuartha faoi ghnáthdhálaí, le linn éirí de thalamh, dreaptha nó tuirlingthe.

(6) Sárú ar theorainneacha aerárthaí arna sainiú ag an monaróir.

(7) Oibriú le socrú airdemhéadair mícheart.

(8) Míthuiscint ar mhodh feidhmithe uathoibrithe UAS nó ar aon fhaisnéis ó aonad rialúcháin agus faireacháin a sholáthraítear don chriú cianda a chuir aon aerárthach nó duine i mbaol nó a d'fhéadfadh aon aerárthach nó duine a chur i mbaol.

(9) Gan bheith in ann an t-aitheantas cianda nó an t-aitheantas aerárthaigh a chraoladh.

(10) Scaoileadh neamhbheartaithe lasta nó trealaimh eile a iompraítear go seachtrach.

(11) Claonta ón méid oibríochtúil údaraithe a sháraíonn na teorainneacha a dtugtar tuairisc orthu sna húdaruithe oibríochtúla arna n-eisiúint nó i bpribhléidí an deimhnithe oibreora córais aerárthaí éadroma gan foireann nó phlean eitilte údaraithe CAGF, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

(a) Oibriú neamhúdaraithe UAS ar thionóil daoine;

(b) Sárú aerspáis;

(c) Sáruithe ar chriosanna geografacha, i gcás nach gceadaítear oibríochtaí UAS, nó nach bhfuarthas an t-údarú eitilte is gá.

1.5. **Tarluithe breise le haghaidh oibríochtaí UAS ina bhfuil daoine ar bord**

(1) Anacair fhisiciúil, éagumasú na foirne, a chuir an t-aerárthach gan foireann nó aon aerárthach eile nó duine i mbaol nó a d'fhéadfadh iad a chur i mbaol.

(2) Aer éillithe san urrann phaisinéirí a chuir na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh iad a chur i mbaol.

(3) Deacrachtaí paisinéirí ar meisce, foréigneach nó ainrianta a cheansú.

(4) Teacht ar fholachánaí.

2. TARLUITHE TEICNIÚLA

2.1. **Struchtúr agus córais**

(1) Cailleadh aon pháirt den aerárthach gan foireann le linn eitilte.

(2) Sceitheadh aon sreabháin as ar eascair guais dóiteáin nó éilliú guaiseach a d'fhéadfadh a bheith ann ar chóras an aerárthaigh gan foireann, nó a chuir an t-aerárthach gan foireann, nó aon duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach gan foireann nó aon duine eile a chur i mbaol.

(3) Mífheidhmiú nó feidhmiú mínormálta na rialtán eitilte.

([2]) I gcomhréir le hAirteagal 3, pointe (38) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945, ciallaíonn 'aonad rialúcháin agus faireacháin' ('CMU') an trealamh chun aerárthaí gan foireann a rialú agus faireachán a dhéanamh orthu go cianda, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (32) de Rialachán (AE) 2018/1139'.

(4) Mífheidhm, caillteanas, nó díghrádú suntasach ar an nasc ceannais agus rialaithe, lena n-áirítear teipeanna a dhéanann difear dá infhaighteacht, feidhmíocht, leanúnachas, sláine nó slándáil, a chuir aon aerárthach nó duine i mbaol nó a d'fhéadfadh aon aerárthach nó duine a chur i mbaol.

(5) Mífheidhmiú an chórais seachanta imbhuailtí.

(6) Mífheidhmiú córais uathoibríoch teagmhais nó éigeandála nó mífheidhmiú an chórais lena gcuirtear cosc ar an aerárthach gan foireann imeacht as an toirt oibríochtúil (mar shampla: filleadh abhaile, tuirlingt uathoibríoch, geoitheanntú, córas foirceanta eitilte).

(7) Aon chliseadh, caillteanas, mífheidhmiú nó damáiste eile don aerárthach gan foireann nó dá chórais a chuir aon aerárthach eile nó duine i mbaol nó a d'fhéadfadh aon aerárthach eile nó duine a chur i mbaol.

(8) Aon chliseadh, caillteanas, mífheidhmiú nó damáiste CMU a chuir an t-aerárthach gan foireann nó aon aerárthach eile nó duine i mbaol nó a d'fhéadfadh iad a chur i mbaol

2.2. **Tiomáint (lena n-airítear innill, liáin agus córais rótair) agus aonaid chumhachta chúnta (APUnna)**

(1) Múchadh bladhaire, múchadh le linn eitilte aon innill, nó cailleadh na n-aonad ardúcháin agus sá nó an aonaid cumhachta cúnta nuair is gá.

(2) Sárú ar theorainn oibriúcháin an innill, lena n-áirítear róluathú nó neamhábaltacht luas aon chomhpháirte rothlaí ardluais a rialú (mar shampla: aonad cumhachta cúnta, dúisire aeir, meaisín aerthimthrialla, mótar aerthuirbín, lián nó rótar).

(3) Cliseadh nó mífheidhmiú aon chuid d'inneall, d'aonaid ardúcháin agus sá, d'aonad cumhachta cúnta nó de thras-seoladh as a n-eascraíonn ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

(a) Teipeann ar an gcóras cúlsá oibriú de réir mar a ordaítear é;

(b) Neamhábaltacht an chumhacht, an sá nó isn (imrothluithe sa nóiméad) a rialú;

(c) Neamhchoimeád comhpháirteanna/smionagair.

3. IDIRGHNÍOMHAÍOCHT LE BAT/SEIRBHÍSÍ AERLOINGSEOIREACHTA

(1) Cead nó treoracha rialaithe aerthráchta (ATC) neamhshábháilte.

(2) Caillteanas faidréiseach cumarsáide leis an aonad seirbhísí aerthráchta (ATS).

(3) Treoracha contrártha ó aonaid ATS éagsúla a bhféadfadh cailleadh spás scoite a bheith mar thoradh orthu.

(4) Míthuiscint ar radachumarsáid a chuir an t-aerárthach gan foireann nó aon aerárthach eile nó duine i mbaol nó a d'fhéadfadh iad a chur i mbaol.

(5) Claonadh d'aon ghnó ó threoir ATC a chuir an t-aerárthach gan foireann nó aon aerárthach eile nó duine i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach gan foireann nó aon aerárthach eile nó duine a chur i mbaol.

(6) Claonadh ón airde nó ó leibhéal na heitilte.

4. ÉIGEANDÁLAÍ AGUS CÁSANNA CRITICIÚLA EILE

(1) Imbhualadh nó neas-imbhualadh ar an talamh nó san aer, le haerárthach, tír-raon nó bacainn eile.

(2) Aon inlíocht éigeandála a dhéanann UAS chun aon imbhualadh ar an talamh nó san aer le haerárthach, tír-raon nó bacainn eile a chosc.

(3) Aon teagmhas as a n-eascraíonn éigeandáil a fhógairt.

(4) Nós imeachta éigeandála a ghníomhachtú chun deireadh a chur leis an eitilt.

(5) Teip maidir leis na nósanna imeachta cearta teagmhais nó éigeandála a chur i bhfeidhm.

(6) Aon dó, leá, deatach, múch, stuáil, róthéamh, dóiteán nó pléascadh ar UAS.

(7) Aon dó, leá, deatach, múch, stuáil, róthéamh, dóiteán nó pléascadh ar CMU.

(8) Éagumasú na foirne cianda a rialaíonn ARF a chuir aon aerárthach nó duine i mbaol nó a d'fhéadfadh aon aerárthach nó duine a chur i mbaol.

5. AN TIMPEALLACHT SHEACHTRACH AGUS AN MHEITÉAREOLAÍOCHT

(1) Imbhualadh nó neas-imbhualadh ar an talamh nó san aer, le haerárthach, tír-raon nó bacainn eile

(2) Córas seachanta imbhuailtí ar eite, comhairle réitigh.

(3) Fíorchóras imbhuailte talún a ghníomhachtú amhail an córas rabhaidh neasachta talún (GPWS)/'Rabhadh' an chórais feasachta agus rabhaidh tír-raoin (TAWS).

(4) Imbhualadh fiadhúlra, lena n-áirítear imbhualadh éan, a chuir an t-aerárthach gan foireann i mbaol.

(5) Damáiste de bharr ábhar coimhthíoch/smionagair.

(6) Drochdhálaí dromchla rúidbhealaigh gan choinne.

(7) Tarluithe suaiteachta marbhshrutha a chuir aerárthach nó duine i mbaol nó a d'fhéadfadh aerárthach nó duine a chur i mbaol.

(8) Cur isteach ar an aerárthach gan foireann le hairm thine, tinte ealaíne, eitleoga eitilte, soilsiú léasair, soilse ardchumhachta, léasair, córais aerárthaí gan foireann (UAS), córas frith-UAS nó ar bhealaí comhchosúla.

(9) Diandálaí comhshaoil a raibh damáiste don aerárthach, deacrachtaí láimhseála nó cailleadh nó mífheidhmiú aon chórais aerárthaigh mar thoradh air (samplaí: Buille tintrí, suaiteacht thromchúiseach, fiaradh gaoithe, dálaí oighrithe, luaithreamhán bolcánach, etc.).

6. TARLUITHE A BHAINEANN LEIS AN U-SPACE

(1) Oibríochtaí UAS laistigh d'aerspás an U-space nach gcomhlíonann na dálaí oibríochtúla agus na srianta aerspáis is infheidhme nó a dhéantar le córas aerárthaigh gan foireann nach gcomhlíonann cumais agus ceanglais feidhmíochta UAS is gá.

(2) Faisnéis, treoir nó seirbhís atá in easnamh, mícheart, moillithe nó míthreorach arna soláthar ag soláthraí seirbhíse an U-space, a chuir an t-aerárthach gan foireann nó aon aerárthach nó duine eile i mbaol nó a d'fhéadfadh an t-aerárthach gan foireann nó aon aerárthach eile nó duine a chur i mbaol.

(3) Neamhchomhlíonadh an údaraithe eitilte (mar shampla: easpa údarú eitilte, teip an t-údaarás le haghaidh na heitilte a ghníomhachtú, claonta ón údarú eitilte sa spás nó san am)

(4) Imeacht neamhúdaraithe aerspás an U-space.

(5) Úsáid mhíchuí na seirbhísí U-space, rud a fhágann go gcaillfear feasacht staide.

(6) Neamhábaltacht an nós imeachta um athchumrú dinimiciúil aerspáis a fhorghníomhú.

(7) Spásáil neamhleor idir an t-aerárthach gan foireann agus aon aerárthach faoi fhoireann.

(8) Teagmháil aerárthaí faoi fhoireann in aerspás gníomhach U-space arna ainmniú in aerspás rialaithe.

(9) Teagmháil aerárthaigh neamhshuaithinsigh faoi fhoireann in aerspás U-space arna ainmniú in aerspás neamhrialaithe.

(10) Teagmháil le haerárthach neamh-chomhoibríoch gan foireann in aerspás an U-space.

7. TARLUITHE EILE

(1) Aon tarlú inar chuir feidhmíocht an duine go díreach le tionóisc nó le teagmhas tromchúiseach nó ina bhféadfadh sé gur chuir sí go díreach le tionóisc nó le teagmhas tromchúiseach, lena n-áirítear tuirse agus oiliúint/cáilíocht mhíchuí phearsanra an oibreora agus cumarsáid idirchriú.

8. SLÁNDÁIL FAISNÉISE

(1) Iompraíocht mhínormálta córais mar gheall ar theagmhas slándála faisnéise (mar shampla: faisnéis nó sonraí i mbaol, ionfhabhtú bogearraí mailíseacha, ionsaí diúltaithe seirbhíse dáilte (DDoS)).'